

## AIFRINN AN CÓINEARTÚ Á BHRONNADH 2019

A chairde,

Buíochas le Dia we now have *An Leabhar Aifrinn* fully published. The texts below come from this mighty new tome and great gift to the Irish Church (see pages 1231 and following of *An Leabhar Aifrinn*).

Among the texts included below are the greeting, penitential rite, Gloria (for celebrations outside of Lent), recommended Scripture Readings for the Liturgy of the Word for Confirmations 2019 in the Archdiocese of Dublin, GNÁS AN CHÓMHNEARTAITHE, a Preface, texts of Eucharistic Prayers II & III [with special inserts for Confirmation Mass marked below in purple], Communion Rite and Dismissal with solemn blessing and simple blessing options.

We hope they will be useful to you as you prepare for your parish/school celebration of the Sacrament of Confirmation this year.

Le gach dea ghuí,  
Dublin Diocesan Liturgy Resource Centre.

\*\*\*\*\*

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

**Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

**Agus le do spiorad.**

[Nó: *Easpag*: Síocháin libh... Agus le do spiorad féin.]

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh

Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhruíte a shlánú: A Thiarna, déan trócaire.

**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

Tusa a tháinig chun gloach ar na peacaigh: A Chríost, déan trócaire.

**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son:

A Thiarna, déan trócaire.

**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

**NÓ:**

A Thiarna Íosa, rinne tú an t-eolas chun an Athar dúinn

A Thiarna, déan trócaire.

**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, thus tú solas na fírinne dúinn. A Chríost, déan trócaire.

**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, is tú an tAoire Maith a threoraíonn chun an beatha síoraí sinn  
A Thiarna, déan trócaire.

**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn,  
agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn.

**Amen.**

Glóir do Dhia sna harda, *(Ní deirtear an Glóir i rith an Charghais)*  
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú; móraimid thú;  
adhraimid thú; tugaimid glóir duit;  
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;  
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;  
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aon-Mhic, a Íosa Críost.  
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,  
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;  
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.  
Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.

Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna;  
is tú amháin is Ró-ard, a Íosa Críost,  
mar aon leis an Spiorad Naomh i nglóir Dé an tAthair. **Amen.**

**Urnaí**

Guímis.

Doirt do Spioraid Naomh go lách orainn, impímid ort, a Thiarna,  
ionas, agus sinn ag siúl in aontacht an chreidimh  
agus neartithe le láidreacht a ghrá  
go mbuailfimid go léir ar aghaidh chuig tomhas iomláine aois Chríost.  
Eisean a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spiorad Naomh,  
ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

**Nó:**

Comhlíon do ghealltanas go ceannsa dúinn impímid ort, a Thiarna,  
ionas go ndéanfaidh an Spiorad Naomh, ar theacht dó,  
finnéithe dinn os comhair an domhain  
ar Shoiscéal ár dTiarna, Íosa Críost.  
Eisean a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spiorad Naomh,  
ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR - 2019

### *An Chéad Léacht*

#### **Sliocht as an dara litir Naomh Pól chuig na Corantaigh**

Íosa Críost, Mac Dé, atá fógartha in bhur measc againn...

ní raibh aon "sea" agus "ní hea" ann siúd; ní raibh ann ach an "sea,"

mar is é an "sea" scoir é ar a bhfuil geallta ag Dia.

Sin é an fáth freisin gur trídsean a deirimid ár "nAmen" chun glóire Dé.

Mar is é Dia a dhaingníonn sinne agus sibhse araon i gCríost; is é a d'ung sinn agus a bhuail a stampa orainn agus a chuir geall an Spioraid inár gcroí.

L Briathar an Tiarna    **P Buíochas le Dia**

### *Caintear an Psalm*

*Leanann Alleluia, nó ceadal eile atá leagtha síos ag na rúibricí, de réir mar a oireann don séasúr liotúirgeach.*

### **SOISCÉAL**

S Go raibh na Tiarna libh.

**P Agus le do spiorad féin.**

S Sliocht as na Soiscéal Naofa de réir Naomh LÚCÁS 4:16-22

**P Glóir duit, a Thiarna.**

Tháinig Íosa go Nazará, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

"Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.

Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,

ag fógairt a scaoilte do bhránna

agus aiseag a radhairc do dhaill;

ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;

ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna."

D'fhill sé an leabhar ina chéile, thug ar ais don seirbhíseach é, agus shuigh.

Agus bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus thosaigh sé ag rá leo:

"Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas." Agus thug cách fianaise air, b'ionadh leo na briathra grástúla a bhí ag teacht as a bhéal,

S Soiscéal an Tiarna. **P Moladh duit, a Chríost.**

### **An Homaile**

## GNÁS AN CHOMHNEARTAITHE.

### ATHNUACHAN GHEALLÚINTÍ AN BHAISTE.

*Seasann na hiarrthóirí, agus fiafraíonn an t-Easpag/sagart díobh:*

*Easpag:* An ndiúltaíonn sibh do Shatan?

*Iarrthóirí:* **Diúltaím.**

Agus dá oibreacha go léir?

*Iarrthóirí:* **Diúltaím.**

Agus dá chleasa go léir?

*Iarrthóirí:* **Diúltaím.**

*Easpag:* An gcreideann sibh i nDia an tAthair uilechumhachtach, a Cruthaitheoir neimhe agus talún?

*Iarrthóirí:* **Creidim.**

*Easpag:* An gcreideann sibh in Íosa Críost, a Aon Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a d'fhulaing agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar?

*Iarrthóirí:* **Creidim.**

*Easpag:* An gcreideann sibh sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a thiocfaidh anuas oraibh inniu i sacraimint an Chomhneartaithe mar a tháinig sé anuas ar na hAspail lá Cincíse?

*Iarrthóirí:* **Creidim.**

*Easpag:* An gcreideann sibh sa Naomh Eaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shioraí?

*Iarrthóirí:* **Creidim.**

*Easpag:* Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise, ábhar mórtais dúinn é a adhmháil inn Íosa Críost ár dTiarna.

*Pobal:* **Amen.**

### DUL FAOI LÁIMH EASPAIG.

*(Seasann an t-Easpag os comhair an phobail agus na sagairt atá ag cuidiú leis in aice leis. Cuireann sé a bhosa le chéile agus deir sé).*

*Easpag:* A phobal Dé na páirte, tríd an mbaisteadh rugadh an chlann seo athuair chun na beatha síoraí agus rinneDia, an tAthair uilechumhachtach, clann atrama díobh. Iarraimis ar an Spiorad Naomh a dháileadh anuas orthu go caoin chun iad a neartú le flúirse a bhronntanas agus iad a chur i gcosúlacht, trína ungradh, le Críost Mac Dé.

*Seal tosta chun urnaí – leagann an t-easpag (agus na sagairt atá ag cuidiú leis) a lámha ar na hiarrthóirí go léir. Deir (nó cannan) an t-easpag ina aonar:*

*Easpag:* A Dhia uilechumhachtaigh, Athair ár dTiarna Íosa Críost, shaor tú do chlann anseo ón bpeaca le huisce agus leis an Spiorad Naomh agus bhronn tú beatha nua orthu. Tabhair dóibh an Spiorad Naomh, a Thiarna, mar threoraí agus mar shólásaí. Tabhair dóibh Spiorad na heagna agus na tuisceanna, spiorad an bhreithiúnais agus na nirt, spiorad an eolais agus an ghrá agus spiorad na hurraime duit féin.

Trí Chríost ár dTiarna.

**Pobal: Amen.**

### **AN TUNGADH LE CRIOSMA.**

*Easpag:* A ..... séalaím thú le bronntanas an Spioraid Naoimh.

*Iarrthóir:* Amen.

*Easpag:* Síocháin leat.

*Iarrthóir:* Agus le do spiorad féin.

### **An Ghuí Chomhchoiteann (Guí an Phobail)**

#### **LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE**

A phobal Dé, guígí, go nglaca Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

#### **Os cionn na nOfrálacha**

A Thiarna, cuir fáilte roimh na searbhóntaí seo leat atá ag teacht i gcuideachta do Mhic Aonghine ionas, iadsan a bhfuil séala a chroise agus a ungha spioradálta orthú agus a bhíonn á ofráil féin duit in éineacht leis do shíor, go dtuillfidh siad doirteadh breise de do Spiorad in aghaidh an lae. Sin é ár nguí chughat trí Chríost ár dTiarna.

**Amen.**

#### **PREAFÁID AN SPIORAID NAOIMH I**

*Is féidir an Phaidir eocairisteach seo a úsáid freisin le preafáid an Spiorad Naofa II*

**S.** Go raibh an Tiarna libh.

**P.** Agus le do spiorad.

**S.** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

**P.** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

**S.** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

**P.** Is ceart agus is cóir sin.

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit, a Thiarna, a Athair naofa, a Dhia uilechumachtaigh shíoraí, trí Chríost ár dTiarna.

Chuaigh seisean suas thar arda neimhe go léir, shuigh ar do dheaslámh agus dhoirt anuas ar chlann an altramais an Spiorad Naomh a bhí geallta.

Uime sin, mar aon le sluaite uile na nAigheal canaimid anois agus go brách le dúthracht croí duitse in ard ár ngutha á rá:

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.  
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.  
Hósanna sna harda.  
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.  
Hósanna sna harda.

## **PAIDIR EOCAIRISTEACH II**

A Thiarna, is Naofa thú go fírinneach; is tú tobar na naofachta go léir.  
Naomhaigh, mar sin, impímid ort, na bronntanais seo le drúcht do Spioraid,  
chun go ndéanfar díobh inár gcomhair Corp agus † Fuil  
ár dTiarna, Íosa Críost.

Nuair a bhí sé á thabhairt suas chun na Páise dá dheoin féin,  
ghlac sé an t-arán, agus ag gabháil buíochais leat, bhris,  
agus thug dá dheisceabail é, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO:  
ÓIR IS É SEO MO CHORP  
A THABHARFAR AR BHUR SON.

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,  
ag glacadh na cailíse,  
agus ag gabháil buíochais leat arís,  
thug sé dá dheisceabail í, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO:  
ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA,  
FUIL AN NUATHIOMNA SHÍORAÍ.  
DOIRTFEAR Í AR BHUR SON  
AGUS AR SON MÓRÁIN  
CHUN MAITHIÚNAS NA bPEACAÍ.  
DÉANAIGÍ É SEO I gCUIMHNE ORMSA.

Rúndiamhair an chreidimh.

Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,  
agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

**Nó:**

Gach uair a ithimid an t-arán seo  
agus a ólaimid an chailís seo,  
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**Nó:**

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,  
tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

**Nó:**

## **Mo Thiarna agus mo Dhia.**

Dá réir sin, a Thiarna Dia,  
ag cuimhneamh dúinn ar bhás agus ar aiséirí Chríost,  
ofrálaimid duit arán na beatha agus cailís an tslánaithe,  
agus gabhaimid buíochas leat toisc gurbh fhiú leat  
sinn a bheith i do láthair agus ag fónamh duit.

Iarraimid go humhal ort go n-aontófar le chéile,  
le cumhacht an Spioraid Naoimh,  
sinne atá páirteach i gCorp agus i bhFuil Chríost.

Tabhair chun cuimhne, a Thiarna, d'Eaglais ar fud an domhain mhóir  
chun go ndéanfá í a neartú sa charthanacht  
i gcuideachta lenár bPápa Proinsias,  
agus lenár nEaspag Diarmuid, agus leis an gcléir uile.  
Tabhair chun cuimhne freisin, a Thiarna, do sheirbhísigh  
ar dheoin leat iad a chóineartú inniú  
tríd an Spiorad Naomh a bhronnadh orthu,  
agus caomhnaigh iad i do ghrásta.

Cuimhnigh freisin ar ár muintir féin  
a fuair bás agus iad ag súil le haiséirí  
agus orthu siúd uile atá imithe ar shlí na fírinne faoi do ghnaoi  
agus fáiltigh rompu isteach i solas do ghlóire.  
Déan trócaire orainn uile, impímid ort,  
ionas gurbh fhiú sinn a bheith páirteach sa bheatha shíoraí  
chun tú a mholadh agus a ghlóiriú  
i gcuideachta na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair Dé,  
Naomh Seosamh, a fear chéile,  
na Naomhaspal agus na Naomh uile  
a rinne do thoilse riamh anall trí do Mhac Íosa Críost.

Is tríd agus leis, agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse,  
a Dhia, an tAthair uilechumhachtach,  
in aontacht an Spioraid Naoimh,  
trí shaol na saol. **Amen.**

**Nó:**

### PAIDIR EOCAIRISTEACH III

- S.** Go raibh an Tiarna libh.  
**P.** Agus le do spiorad féin.  
**S.** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.  
**P.** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.  
**S.** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.  
**P.** Is ceart agus is cóir sin.

Leanann an Phrefaíd atá le rá de réir na rúibricí agus críochnaíonn sí:

**Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.**

**Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.**

**Hósanna sna harda.**

**Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.**

**Hósanna sna harda.**

A Thiarna, is Naofa thú go fírinneach,  
gach dúil a chruthaigh tú, molann sé thú mar is dual duit,  
óir le cumhacht an Spioraid Naoimh,  
trí do Mhac, ár dTiarna, Íosa Críost,  
déanann tú gach rud a bheochan agus a naomhú,  
agus bíonn tú de shíor ag bailiú pobail chugat féin,  
ionas go mbeadh íobairt ghlan á hofráil do d'ainm,  
ó éirí go luí na gréine.

Impímid go humhal ort, dá bhrí sin, a Thiarna, go ndeonófá na tabhartais seo,  
atá tugtha i do láthair againn le coisreacan duit,  
a naomhú tríd an Spiorad céanna,  
ionas go ndéanfar díobh Corp agus † Fuil do Mhic,  
ár dTiarna, Íosa Críost;  
mar is le hordú uaidh a cheiliúraimid na rúndiamhra seo.

Óir an oíche ar tugadh suas é ghlac sé an t-arán,  
agus ag gabháil buíochais leat, bheannaigh,  
bhris, agus thug dá dheisceabail é, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ITHIGÍ UILE AS SEO:  
ÓIR IS É SEO MO CHORP  
A THABHARFAR AR BHUR SON.

Ar an gcaoi chéanna, tar éis an tsuipéir,

ag glacadh na cailíse, agus ag gabháil buíochais leat, bheannaigh,  
agus thug dá dheisceabail í, á rá:

GLACAIGÍ AGUS ÓLAIGÍ UILE AISTI SEO:  
ÓIR IS Í SEO CAILÍS MO CHUID FOLA,  
FUIL AN NUATHIOMNA SHÍORAÍ.



DOIRTFEAR Í AR BHUR SON  
AGUS AR SON MÓRÁIN  
CHUN MAITHIÚNAS NA bPEACAÍ.  
DÉANAIGÍ É SEO I gCUIMHNE ORMSA.

Rúndiamhair an chreidimh.

**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna,  
agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Nó:**

**Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo,  
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**Nó:**

**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,  
Tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.**

**Nó:**

**Mo Thiarna agus mo Dhia.**

Dá réir sin, a Thiarna,  
Cuimhnimid ar pháis do Mhic a shlánaigh sinn,  
ar a aiséirí glórmhar agus ar a dheascabháil chun na bhflaitheas,  
agus ag feitheamh go muinéach lena theacht athuair,  
ofrálimid duit, mar chomhartha buíochais,  
an íobairt bheo naofa seo.

Féach anuas, impímid ort, ar a n-ofrálann d'Eaglais,  
agus ag tabhairt aitheantais don Ofráil  
ar thoil leat glacadh léi mar íobairt leorghnímh,  
deonaigh go ndéanfar aon chorp amháin agus aon spiorad amháin  
i gCríost dínne atá dár gcothú le Corp agus le Fuil do Mhic  
agus atá líonta den Spiorad Naomh.

Go ndéana Críost dinn tabhartas foirfe síoraí duitse,  
ionas go n-éireoidh linn oidhreacht a bhaint amach  
i gcuideachta na muintire atá roghnaithe agat;  
sa chéad áit, an Mhaighdean róbheannaithe, Muire, Máthair Dé,  
Naomh Seosamh, a fear chéile,  
d'Aspail naofa agus do Mhairtíorgh ghlórmhara,  
(Naomh A. : **naomh an lae nó naomhphátrún**)  
agus na Naoimh uile a bhfuil lánmhuinín againn as cabhair na hidirghuí  
a dhéanann siad go buan os do chomhair.

An Íobairt seo a thugann sinn chun athmhuintearais leat,  
go dté sí chun síochána agus chun slánaithe don domhan uile,  
impímid ort, a Thiarna.

Go ndeonaí tú d'Eaglais a neartú ar a hoilithreacht ar talamh  
i gcreideamh agus i gcarthanacht mar aon le do sheirbhíseach,  
ár bPápa Proinsias, lenár nEaspag Diarmuid,  
le hord na n-easpag agus leis an gcléir uile  
agus leis an bpobal uile atá gnóthaithe agat.

Tabhair chun cuimhne freisin, a Thiarna, do sheirbhísigh  
ar dheoin leat, arna n-athghiniúint sa Bhaisteadh iad a chóineartú  
tríd an Spiorad Naomh a bhronnadh orthu,  
agus cosain do ghrásta go ceannsa iontu.

Tabhair aird go ceansa ar mhianta an teaghlaigh  
atá anseo i do láthair de réir do thola féin.

As ucht do thrócaire, a Athair chaoin,  
aontaigh leat féin do chlann uile,  
cibé áit a bhfuil siad scaipthe.

Lig isteach go geanúil i do ríocht ár muintir atá marbh  
agus gach duine atá imithe as an saol seo faoi do ghnaoi.  
Is é ár ndóchas go mbeimidne ina gcuideachta siúd  
ionas go mbainimid sásamh as do ghlóir, i dteannta a chéile go deo,  
trí Chríost ár dTiarna, trína mbronnann tú gach maitheas ar an saol.

Is tríd agus leis, agus ann a thugtar gach onóir agus glóir duitse,  
a Dhia an tAthair uilechumhachtach,  
in aontacht an Spioraid Naoimh,  
trí shaol na saol. **Amen.**

### **DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH**

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú  
agus briathar Dé dár dteagasc,  
tá sé de mhisneach againn a rá:

**Ár nAthair atá ar neamh,  
go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht,  
go ndéantar do thoil ar an talamh,  
mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,  
agus maith dúinn ár bhfiacha,  
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,  
agus ná lig sinn i gcathú,  
ach saor sinn ó olc.**

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna.  
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,  
ionas go mbeimid, le cúnaimh do thrócaire,  
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt  
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa

agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

**Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.**

A Thiarna Íosa Críost, a dúirt le d'Aspail:  
Fágaim síocháin agaibh,  
tugaim daoibh mo shíocháin:  
ná féach ar ár bpeacaí-ne  
ach ar chreideamh d'Eaglaise;  
deonaigh síocháin a thabhairt di agus í a aontú,  
faoi mar is toil leat féin, tusa a mhaireann  
agus a rialaíonn trí shaol na saol. **Amen.**

Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

**Agus le do spiorad féin.**

Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.

**A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.  
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.  
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.**

Seo é Uain Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain.  
Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

**A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon,  
ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.**

### ***An Iarchomaoineach***

Guímis.

A Thiarna, tar i gcabhair as seo amach le do bheannacht  
ar an muintir a ungagh leis an Spiorad Naomh,  
agus a cothaíodh le sacraimint do Mhic, ionas,  
agus iad scartha ó gach anachain  
go gcuirfidh siad lúchair ar d'Eaglais le naofacht  
agus go gcuirfidh siad chun cinn sa domhain í  
lena mbearta agus lena gcarthanacht.  
Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

### ***An Deasghnáth Deiridh***

Go raibh an Tiarna libh.

**Agus le do spiorad.**

Daingnigh, a Dhia,  
an obair seo atá déanta agat ionann  
agus cosain tabhartais an Spioraid Naoimh i gcroíthe d'fhíréan  
ionas nach mbeidh náire orthu  
Críost céasta a admháil os comhair an tsaoil

agus go gcomhlíonfaidh said a aitheanta  
le carthanacht dhílis.

**Amen.**

Agus beannacht Dé uilechumhachtaigh  
Athair, Mac agus † Spiorad Naomh  
go dtaga sí anuas oriabh  
agus go bhfana libh go deo.

**Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

**Buíochas le Dia.**

### *Nó: Beannacht Sollúin*

Go raibh an Tiarna libh.

**Agus le do spiorad.**

Dia an tAthair uilechumhachtach, a dheannan clan a altrama díbh  
a bhur n-athbreith ó uisce agus ón Spiorad Naomh  
go mbeannaí sé sibh agus go gcosnaí ar shlí gurbh fhiú a ghrá athartha sibh

**Amen.**

Mac Aonghine an Athar, a gheall go bhfanadh Spiorad na fírinne san Eaglais  
go mbeannaí sé sibh agus go ndaingní sé sibh lena chumacht  
in admháil an fhíorchreideamh.

**Amen.**

An Spiorad Naomh a adhnann tine an ghrá i gcroíthe na ndeisceabal,  
go meannaí sé sibh agus, tar éis sibh a aontú le chéile,  
go dtreoraí sé sibh gan tuisle chun aoibhneas ríocht Dé.

**Amen.**

Agus go mbeannaí Dia uilechumhachtach  
Athair, † Mac agus Spiorad Naomh sibh uile atá anseo  
i láthair in éineacht.

**Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

**Buíochas le Dia.**